# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2016

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Rúisis

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Teanga Scríofa**
**220 MARC**

**Tarscaoileadh:** Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe eile den ghramadach, mar a míníodh ag an gcomhdháil. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**An scéim mharcála a dhíchódú:**

- Léiríonn stríoc [ / ] malairtí; déanfaidh ceachtar acu.
- Cuimsíonn lúibíní cruinne ( ) eolas atá bailí ach nach bhfuil riachtanach do mharcanna.
- Ná gearr pionós as freagraí atá tugtha i Rúisis.

**ROINN I (160 marc)**

**A. AISGHABHÁIL EOLAIS (60 marc): Téacs 1 = 30 marc + Téacs 2 = 30 marc**

**Téacs 1 (30 marc)**

Léigh an t-eolas seo a leanas ar shuíomh gréasáin faoi chúrsaí teanga i Moscó (http://www.russian-moscow.com/russian/) agus freagair na ceisteanna **i nGaeilge**. (30 marc)

***Leithdháil 2 mharc as gach smaoineamh/coincheap atá ceart mura luaitear a mhalairt (gach smaoineamh/coincheap deighilte ag +) agus 1 mharc as smaoineamh/coincheap atá ceart go páirteach. Ná bain marcanna as Gaeilge mhícheart (litriú, comhréir) seachas sa chás go gcuireann sí bac ar chumarsáid.***

**FREAGAIR i nGAEILGE mura gcuirtear a mhalairt in iúl.**

i. Tugann an fógra liosta fáthanna ar mhaith le daoine staidéar a dhéanamh ar an Rúisis ar chúrsa samhraidh. Aimsigh na leaganacha **Rúisise** ar gach ceann de na fáthanna seo thíos agus scríobh amach iad i scríbhneoireacht reatha/de láimh.

Bronn 10 marc ar a mhéad. Bronn trí mharc in aghaidh an fhrása; bronn 1 mharc as a bheith in ann litreacha a nascadh le chéile. Bain ½ mharc as gach litir a scríobhtar mícheart. Ná gearr pionóis as earráidí a dhéantar faoi dhó nó níos mó. Déan na daltaí a mharcáil as an méid atá scríofa acu – fiú mura mbíonn an frása ceart ann. I gcás go bhfágann iarrthóirí an lúb/ponc ar lár ag tús na litreacha л, м, я— ná bronn an 1 mharc as litreacha a nascadh le chéile.

| | Scríbhneoireacht Reatha / Напишите прописью следующие фразы/слова. |
|---|---|
| Don ghnáthshaol laethúil | для повседневной жизни |
| Don duine féin | для себя |
| Do chúrsaí oibre | для работы (для бизнеса) |

Freagair fuílleach na gceisteanna sa roinn seo i n**Gaeilge**.

ii. Cén lá den tseachtain a dtosaíonn na cúrsaí?
Dé Luain

iii. Cá fhad a mhaireann an cúrsa is giorra agus an cúrsa is faide?
Is giorra: 3 seachtaine + is faide: 21 seachtain

iv. Cad é an líon is lú agus an líon is mó mac léinn a bhíonn i ngrúpa?
Is lú: 5 + is mó: 9

v. Cé mhéad lá sa tseachtain a mbíonn mic léinn ag freastal ar ranganna?
4

vi. Cén costas in aghaidh na seachtaine atá ar staidéar a dhéanamh i ngrúpa?
138 euro

vii. Cén costas atá ar rang aonair?
20 euro

viii. Cén costas atá ar bheith ar lóistín le teaghlach?
228 euro

ix. Cén costas atá ar a dtionlacan thar n-ais go dtí an t-aerfort ag deireadh an chúrsa?
45 euro

**Téacs 2 (30 marc)**
Léigh an fógra seo a leanas i gcomhair Ionad Spóirt agus freagair na ceisteanna **i nGaeilge.** (30 marc)

***Leithdháil 2 mharc as gach smaoineamh/coincheap atá ceart mura luaitear a mhalairt (gach smaoineamh/coincheap deighilte ag +) agus 1 mharc as smaoineamh/coincheap atá ceart go páirteach. Ná bain marcanna as Gaeilge mhícheart (litriú, comhréir) seachas sa chás go gcuireann sí bac ar chumarsáid.***

**Freagair na ceisteanna seo a leanas i nGAEILGE mura gcuirtear a mhalairt in iúl.**

i. Ainmnigh **trí** cinn de na cluichí a imrítear sa phríomh-halla spóirt. (Roinn 1)

Cispheil + eitpheil + leadóg + badmantan + mionpheil

ii. Cén méid é an príomh-halla spóirt? (Roinn 1)

2000 м²

iii. Cé mhéad seomra aclaíochta atá sa spórtlann? (Roinn 2)

3

iv. Luaigh **dhá** ghníomhaíocht atá ar fáil sa seomra aeróbaice. (Roinn 2)

Aeróbaic chéime + *Pilates* + ióga + damhsa boilg
**Bronn marc amháin as:** damhsa

v. Luaigh toisí (fad agus leithead) ceann amháin de na linnte snámha. (Roinn 3)

Linn mhór: fad: 50 m + leithead: 21 m
Linn na bpáistí: fad: 10m + leithead: 6m

vi. Luaigh **dhá** shonra faoi na huaireanta a mbíonn an t-ionad spóirt ar oscailt. (Roinn 4)

8am go 10pm + gach lá

vii. Cén costas a bhaineann le **dhá** cheann díobh seo a leanas: (Roinn 4)

| | |
|---|---|
| Snámh tráthnóna | 265 (rúbal) |
| Ceacht snámha | 550 (rúbal) |
| Seisiún traenála i rith an lae | 125 (rúbal) |
| An príomh-halla spóirt (an spás iomlán) a fháil ar cíos | 2190 (rúbal in aghaidh na huaire) |

**Feasacht teanga (4 mharc: bronn 1 mharc as gach freagra ceart)**
Léirigh an bhfuil na frásaí aidiachtúla agus na frásaí ainmfhoclacha seo a leanas san uatha (единственное число) nó san iolra (множественное число).

| | |
|---|---|
| Sampla | |
| спортивный зал | uatha (единственное число) |

| | |
|---|---|
| спортивный комплекс | uatha (единственное число) |
| рабочие дни | iolra (множественное число) |
| индивидуальные занятия | iolra (множественное число) |
| спортивное сооружение | uatha (единственное число) |

**B. Measc agus Meaitseáil (40 marc: bronn 2 mharc as gach freagra ceart)**

Déan na ceannteidil ábhair seo a leanas a mheaitseáil leis an eolas a thugtar sa dara tábla. Scríobh uimhir an cheannteidil ábhair taobh leis an eolas cuí faoi Éirinn sa dara tábla.

Ceannteidil Ábhair

| | |
|---|---|
| 1 | Валюта |
| 2 | Географическое положение |
| 3 | Дата независимости |
| 4 | Интернет-домены |
| 5 | Климат |
| 6 | Крупнейшие города |
| 7 | Культура; писатели |
| 8 | Кухня |
| 9 | Население: оценка |
| 10 | Официальные языки |
| 11 | Праздники |
| 12 | Президент |
| 13 | Знаменитые музыканты |
| 14 | Спорт |
| 15 | Столица |
| 16 | Мифы |
| 17 | Территория |
| 18 | Форма правления |
| 19 | Достопримечательности |
| 20 | Школьная система |

Eolas faoi Éirinn

| | |
|---|---|
| 4 | .ie |
| 19 | Ньюгренч, утёсы Моха, фабрика Гиннесс |
| 16 | Лепрекон |
| 17 | 70 273 км² |
| 14 | 34 % спортсменов занимается футболом, 23 % — боксом |
| 9 | 4 593 100 человек |
| 3 | 6 декабря 1922 (от Соединённого Королевства Великобритании и Ирландии) |
| 8 | В «ирландский завтрак» входят тосты, яичница, сосиски, бекон, белый пудинг, чёрный пудинг и помидоры. |
| 11 | В Ирландии отмечаются Рождество, День святого Патрика, Пасха. |
| 15 | Дублин |
| 6 | Корк, Галвей |
| 1 | евро (EUR) |
| 5 | Зимы достаточно мягкие, а лето — прохладное. Самый тёплый месяц года — июль; самый холодный месяц — январь. |
| 2 | Ирландия расположена на острове в северной части Атлантического океана. |
| 10 | ирландский и английский |
| 12 | Майкл Д. Хиггинс |
| 18 | парламентская республика |
| 20 | Учебный год начинается в сентябре и заканчивается в мае. Образование обязательно для всех детей в возрасте от 6 до 16 лет. |

| | |
|---|---|
| 7 | Четверо ирландцев получили Нобелевскую премии по литературе: Уильям Батлер Йейтс (1923), Сэмюэл Беккет (1969), Шеймас Хини (1995) и Джордж Бернард Шоу (1925). |
| 13 | Хозиер, Найл Хоран, Боно, Коделайн |

**C. Struchtúrú dioscúrsa (20 marc)**

Scríobh síos na focail cheisteacha atá in easnamh i ngach ceann de na trí agallamh seo a leanas. Roghnaigh do fhreagraí ón liosta atá os cionn gach agallaimh. Tá na focail ar fad tugtha san fhoirm chuí.

**1. Интервью с юным хендлером**

1. Вопрос: Здравствуй! Как тебя зовут?

   Ответ: Ульяна

2. Вопрос: Ты же хендлер, а сколько тебе лет?

   Ответ: 13

3. Вопрос: Со скольки/ скольких лет ты занимаешься с собаками?

   Ответ: С 10 лет.

4. Вопрос: И тебе нравится с ними работать?

   Ответ: А кому это может не нравится? Собаки снимают стресс и ты просто забываешь про свои проблемы

5. Вопрос: А где ты этому училась?

   Ответ: Ну, у меня есть хороший учитель Галина Байдукова, да и вообще читала много книг, смотрела различные картинки, потом сходила на выставку и поняла вообще, что к чему.

**2. Интервью с юной актрисой Жозефиной Карр-Харрис (08.02.2011)**

1. Как ты проводишь свободное время?

   Очень люблю рисовать! Белый лист бумаги, краски и кисть — всё, что нужно для свободных минут!

2. Кто помогает тебе разучивать роли?

Много людей! Это и мама, и режиссёры, и актеры, которые снимаются со мной, и подруги, и зеркало, перед которым я провожу много времени.

3. Какие фильмы тебе нравятся?

Мне очень нравится фильм «Аватар» и мультфильм «Гадкий Я».

**3. Интервью с юным чемпионом по мотокроссу Семеном Неруш**

1. Когда вы впервые «сели» на мотоцикл?

Мне ещё не было трёх лет, когда папа купил китайский мотоцикл с мотором. Это был мой первый мот. В 4 года я уже пересел на КТМ 50.

2. Чья была инициатива в выборе спорта, которым вы занимаетесь?

Ничья. Всегда в семье у нас присутствовали мотоциклы. Поэтому в выборе спорта мы не сомневались — мотокросс!!!

3. Сколько нужно тренироваться, чтобы стать чемпионом?

У меня 5 тренировок в неделю, в зависимости от сезона.

**D. Léirthuiscint (40 marc)**

Léigh an téacs gairid seo a scríobh Dasha atá 11 bhliain d'aois (http://maman-lima.com/2011/05/blog-post_6653.html). Freagair na ceisteanna **i nGaeilge**.

***Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.***

***Leithdháil 2 mharc as gach smaoineamh/coincheap atá ceart (gach smaoineamh/coincheap deighilte ag +) agus 1 mharc as smaoineamh/coincheap atá ceart go páirteach [mura luaitear a mhalairt]. (2 mharc in aghaidh an fhreagra + 20 x 2 = 40)***

1.i. Cé mhéad deartháir agus/nó deirfiúr atá ag Dasha? (Roinn 1) (2 mharc)
bronn marc amháin as gach ceann acu seo: 2 + deirfiúracha

1.ii. Luaigh **dhá** shonra faoi mháthair Dasha. (Roinn 1) (4 mharc)
Liliya is ainm di + tá sí 34 bliana d'aois + tá sí ar saoire mháithreachais/fanann sí sa bhaile leis an iníon is óige, Polina

1.iii. Luaigh **dhá** shonra faoi athair Dasha.(Roinn 1) (4 mharc)
Igor is ainm dó + tá sé 40 bliain d'aois + ríomhchláraitheoir is ea é

2.i. Luaigh **dhá** shonra faoi Dasha. (Roinn 2) (4 mharc)
Tá sí 11 bhliain d'aois + tá sí ag críochnú rang a 4 + is gearr go mbeidh a prom ann + tá sí ag súil go mór leis an prom + tá sí ag ullmhú don prom + tá beirt deirfiúracha aici (mura mbronntar marc in 1.i.)
**Bronn marc amháin:** rang a 4

2.ii. Cad a dhéanann Dasha agus Sonia le chéile? Luaigh **dhá** shonra. (Roinn 2) (4 mharc)
Téann siad go scoil cheoil + seinneann siad an veidhlín + cumann siad séiseanna + seinneann siad (ceolchoirmeacha) dá máthair agus dá n-athair

2.iii. Cén fáth a dtéann máthair Polina in éineacht léi nuair a fhágann sí an teach? (Roinn 2)
Is leanbh í Polina/ níl sí ach 1 bhliain d'aois (2 mharc)

3.i. Cad iad na peataí atá ag teaghlach Dasha ina dteach tuaithe? Tabhair **dhá** shonra.
Minseach + 2 mheannán + madra + cat + hamstar (4 mharc)

3.ii. Cad iad na tascanna tí a chaithfidh na páistí a dhéanamh? Tabhair **dhá** shonra. (Roinn 3)
An seomra folctha a ghlanadh + slacht a chur ar an seomra leapa + na soithí a ní + an tábla a leagan (4 mharc)

3.iii. Cad a tharlaíonn nuair a bhíonn na páistí ag achrann? (Roinn 3) (2 mharc)
Éiríonn an mháthair neirbhíseach + tagann tinneas cinn ar an máthair

4.i. Luaigh **dhá** shonra faoi mhianta Dasha agus na nithe a bhfuil sí ag súil leo dá teaghlach. (Roinn 4) (4 mharc)
Ba mhaith le Dasha go mbeadh a dteaghlach cineálta + comhbhách + cliste + láidir + níor mhaith léi go mbeadh achrainn/troideanna ann gan aon chúis + ba mhaith léi go mbeadh a dteaghlach sláintiúil + ba mhaith léi go mbeadh a dteaghlach aontaithe

4.ii. Tabhair sonra **amháin** faoin gcúis a bhfuil Dasha bródúil as a teaghlach. (Roinn 4)
Ní chaitheann a máthair ná a hathair tobac + ní ólann a máthair ná a hathair alcól (2 mharc)

4.iii. Tabhair sonra **amháin** faoi mhianta Dasha i leith an domhain. (Roinn 4) (2 mharc)
Gan aon drugaí + gan aon duine bocht + gan aon duine tinn

4.iv. Tabhair sonra **amháin** faoina bhfuil súil ag Dasha a dhéanamh sa todhchaí. (Roinn 4)
Cabhrú lena máthair / lena hathair (2 mharc)

**ROINN II (60 MARC)**

**A. Freagraí gearra: feasacht chultúrtha (30)**

Scríobh 3 – 5 abairt ar **DHÁ** cheann de na topaicí seo a leanas i Rúisis **nó** i nGaeilge. Bíodh **trí** shonra fhíorasacha i ngach freagra. Bronntar marcanna ar ábharthacht na bhfreagraí agus ar léirchruinneas téacsúil.

Scríobh síos teidil na n aistí le cur in iúl céard iad na haistí atá á scríobh agat.

| | |
|---|---|
| 1. Cultúr i gCónaidhm na Rúise | 1. Культура в Российской Федерации |
| 2. An aeráid i gCónaidhm na Rúise | 2. Климат в Российской Федерации |
| 3. Spórt i gCónaidhm na Rúise | 3. Спорт в Российской Федерации |
| 4. Teangacha i gCónaidhm na Rúise | 4. Языки в Российской Федерации |
| 5. Tithíocht i gCónaidhm na Rúise | 5. Жильё в Российской Федерации |

***Ní bheidh caighdeán na Gaeilge/na Rúisise ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.***

| | | |
|---|---|---|
| ***Ábhar gach freagra*** | ***12*** | ***Leithdháil 4 mharc as gach smaoineamh/coincheap atá ceart suas go dtí 12 mharc ar a mhéad +*** <br> ***Leithdháil 2 mharc as smaoineamh/coincheap atá ceart go páirteach suas go dtí 6 mharc ar a mhéad.*** |
| ***Comhleanúnachas sa téacs*** | ***3*** | ***Leithdháil 3 mharc as comhleanúnachas sa téacs (nuair is iomchuí).*** |
| | ***3*** | ***Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad.*** |
| | ***2*** | ***Forbairt déanta go ginearálta ar an ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, tríd is tríd, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna.*** |
| | ***1*** | ***Eagrú sásúil déanta ar ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus/nó neamh-uaillmhianach déanta ar na smaointe. Siabhránach agus/nó athráiteach in amanna.*** |
| | ***0*** | ***Cumas teoranta i dtaobh ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr.*** |

**B. Scríbhneoireacht Leanúnach (30)**

Scríobh 6 – 10 abairt ar cheann AMHÁIN de na topaicí seo a leanas **i RÚISIS**.

| | |
|---|---|
| 1. Laethanta saoire an gheimhridh<br><br>• Conas a chaitheann tú laethanta saoire an gheimhridh?<br>• Cé leis a gcaitheann tú laethanta saoire an gheimhridh?<br>• Cá háit is breá leat laethanta saoire an gheimhridh a chaitheamh?<br>• Cad is breá leat a dhéanamh? | 1. Зимние каникулы<br><br>• Как вы проводите время зимой?<br>• С кем вы проводите время зимой?<br>• Где вы любите отдыхать зимой?<br>• Что вы любите делать зимой? |
| 2. Litir<br>Rinne tú cairdeas le duine nuair a bhí tú i gCónaidhm na Rúise agus ba mhaith leat cuireadh a thabhairt dó/di fanacht le do thuismitheoirí. Scríobh litir chuig do thuismitheoirí faoi/fúithi. Bíodh na pointí seo a leanas agat i do litir:<br><br>• Cad is ainm dó/di<br>• Na rudaí is spéis leis/léi<br>• Cad a dhéanann sé/sí. An ag staidéar nó ag obair atá sé/sí<br>• Cén saghas teaghlaigh lena mbaineann sé/sí<br>• Na pleananna atá aige/aici don samhradh | 2. Письмо<br>В России Вы познакомились с девушкой (молодым человеком) и хотите пригласить его (её) к себе домой, на родину. Напишите о нём (ней) своим родителям. В письме сообщите следующее:<br><br>• Как его (её) зовут<br>• Чем он (она) интересуется<br>• Кто он (она). Он (она) учится или работает<br>• Какая у него (у неё) семья<br>• Какие у него (неё) планы на лето |
| 3. Mo sheanmháthair<br><br>Scríobh cuntas faoi shaol do sheanmháthar. Abair cá bhfuil sí ina cónaí; cé atá ina teaghlach; conas a chaitheann sí a cuid ama; cad a thaitníonn leat mar gheall uirthi. | 3. Моя бабушка<br><br>Напишите короткий рассказ о жизни Вашей бабушки. Где она живёт ; кто входит в состав её семьи; её образ жизни; что Вы любите в бабушке |

***GACH CEANN: Leithdháil marc as ábhar + cumas scríofa (ex 24) mar atá léirithe thíos. Leithdháil leathchuid den mharc ar fáil as an bhfeidhm riachtanach a chomhlíonadh/as an eolas riachtanach (stór focal) a sholáthar agus leathchuid den mharc ar fáil as ionramháil na teanga (cruinneas/oiriúnacht). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar breise.***

*2 phointe as sonraí ábhair suas go dtí 12 phointe ar a mhéad*

Cruinneas agus líofacht

| **Marc** | **Teanga: cruinneas, líofacht** |
|---|---|
| 12 | Beagnach gan locht maidir le cruinneas. Léirítear leibhéal ard sofaisticiúlachta in ionramháil struchtúir na teanga. |
| 10-11 | Beagán earráidí, mion-earráidí an chuid is mó acu. Ionramháil mhaith teanga. |
| 7-9 | Déantar roinnt earráidí móra gramadaí, ach gan lagú rómhór á dhéanamh ar chumarsáid. Ionramháil na teanga idir a bheith sásúil agus go maith. |
| 4-6 | An chumarsáid lagaithe ag earráidí bunúsacha go minic e.g. comhaontuithe, foirmeacha briathra.<br>Gan ach cumas teoranta in ionramháil na teanga + teanga ‘aistrithe’ shimplí go príomha, a chuireann bac ar chumarsáid. |
| 1-3 | Cruinneas sna foirmeacha is simplí amháin. Earráidí bunúsacha ann an-mhinic. Ar bheagán cumais in ionramháil na teanga. |
| 0 | Eolas agus réimse chomh teoranta sin nach féidir aon mharcanna a bhronnadh ina leith. |

***Leithdháil 6 mharc as comhleanúnachas sa téacs:***

***6*** ***Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad.***

***4-5*** ***Forbairt déanta go ginearálta ar an ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, tríd is tríd, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna.***

***2-3*** ***Eagrú sásúil déanta ar ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus/nó neamh-uaillmhianach déanta ar na smaointe. Siabhránach agus/nó athráiteach in amanna.***

***1*** ***Cumas teoranta i dtaobh ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr.***

***0*** ***Eagraithe chomh dona sin agus an oiread sin easpa comhleanúnachais ann nach féidir aon chreidiúint a thabhairt.***

**Cluastuiscint (100 marc)**

Ginearálta:

- Níl aon phionós ann as ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
- Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
- Glac le freagraí ar cheisteanna atá scríofa san áit mhícheart.
- Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.
- Má tá an freagra scríofa go hiomlán i Rúisis – ná gearr pionós. Má tá gnéithe leithlisithe (focail/nathanna) de Rúisis san áireamh sa fhreagra – ná gearr pionós.

***Bronn dhá mharc as gach pointe ceart/ábhartha.***

**Roinn 1**

**Achoimre na Nuachta / Новости (26 marc)**

1.i. Cad as don chompántas aisteoirí taistil?
Moscó

1.ii. Cathain a bheidh na taispeántais ar siúl in Éirinn?
(Deireadh) mhí na Bealtaine

1.iii. Cá háit in Éirinn a mbeidh na taispeántais ar siúl?
Gach scoil Rúiseach in Éirinn + Corcaigh + Luimneach + Port Laoise + Cill Chainnigh + Baile Átha Cliath

2.i. Luaigh sonra **amháin** faoi Kira.
Cumadóir amhrán/Scríobhann sí a cuid liricí agus a cuid ceoil féin + amhránaí + bhain sí duais ag Féile Idirnáisiúnta Accord Chathair Pheadair 2008 + Féile Gryshinskiy 2007 + Aisha + aoi i bhféilte idirnáisiúnta sa Spáinn + an Tuirc + Stáit Aontaithe Mheiriceá + cuireadh a céad albam "Kira" amach i 2009

2.ii. Ainmnigh cathair **amháin** nó tír **amháin** ina raibh Kira ar camchuairt.
An Rúis + Cathair Pheadair + Vladivostok + an Eoraip + Stáit Aontaithe Mheiriceá + Iosrael

2.iii. Conas is féidir ticéad a cheannach do sheó Kira? Tabhair sonra **amháin**.
Seol ríomhphost + chuig song.ireland.ru@gmail.com + ceannaigh ar líne

3.i. Cé mhéad cluiche i gCorn na hEorpa a bheidh ar siúl in Éirinn?
3

3.ii. Cén staid ina n-imreofar cluichí?
Aviva

3.iii. Cathain a bunaíodh UEFA in Éirinn?
Céad bliain ó shin + 1920

4.i. **Cá háit** a mbeidh an ócáid charthanachta Rúiseach ar siúl agus **cén uair**?
An 16 Deireadh Fómhair + Caisleán Chluain Tarbh/Baile Átha Cliath
**bronn marc amháin:** Deireadh Fómhair + caisleán

4.ii. Déan cur síos ar a bhfuil pleanáilte ag lucht eagraithe na hócáide. Tabhair **dhá** shonra.
Ceol beo + damhsa + gúnaí faiseanta/innealta/galánta + halla álainn + dinnéar blasta + frithchaitheamh/solas coinnle draíochtach

## Roinn II

**Fógra / реклама 24 marc**

1.i. Cé atá ag eagrú an champa samhraidh. Tabhair sonra **amháin**.
Scoil Rúiseach + "Raduga"/Tuar ceatha

1.ii. Cé air a bhfuil an campa dírithe? Tabhair **dhá** shonra.
Buachaillí agus cailíní + daoine atá ag foghlaim Rúisise + ó 4 bliana d'aois/páistí + go 16 mbliana d'aois/déagóirí + ó theaghlaigh Rúiseacha + teaghlaigh mheasctha

2. Ainmnigh **ceithre** ghníomhaíocht / sheirbhís atá ar fáil sa champa.
Peil + cispheil + leadóg bhoird + rás sealaíochta + rang ealaíne + aistir/turais gach seachtain + cláir oideachais + tionscadal nua gach seachtain + lónta teo

3.i. Cathain a thosaíonn an campa ar maidin agus cathain a chríochnaíonn sé?
10am + 3pm

3.ii. Cén costas atá ar an gcampa in aghaidh na seachtaine?
75 euro

3.iii. Cén rud ar a bhfuil costas breise roghnach?
Bia/lón

3.iv. Conas is féidir teagmháil a dhéanamh leis an lucht eagraithe? Tabhair sonra **amháin**.
Uimhir ghutháin + 0851159873 + ríomhphost + rainbowrussianschool@yahoo.ie.

## Roinn III

**Agallamh / репортаж 26 marc**

1.i. Seo agallamh le scátálaí rollála óg. Cad is ainm di?
Diana (Lee)

1.ii. Cén aois í?
19

1.iii. Cathain a thosaigh sí ar an scátáil rollála?
Nuair a bhí sí 7 mbliana (d'aois)

1.iv. Cér leis na scátaí a d'úsáid sí an chéad lá?
Deartháir (mór)

2.i. Cad atá riachtanach di le go mbainfeadh sí taitneamh as an scátáil rollála?
Ceol/ iPod/seinnteoir MP3

2.ii. Tabhair **dhá** shonra faoi cathain a fhaigheann sí an t-am le scátáil rollála a dhéanamh.
Sa gheimhreadh ó 8-9 go meán oíche + 3 huaire an chloig (ar an meán) + sa samhradh (tar éis na hoibre) ó 12 meán oíche go (breacadh an lae) 6 am

2.iii. Cén chathair ar thug sí cuairt uirthi le déanaí?
Moscó

3.i. Cad a dhéanann sí nuair nach mbíonn sí ag déanamh scátáil rollála? Tabhair **trí** shonra.
Damhsa hip hap + téann sí ag bogshodar (ar maidin agus sa tráthnóna) + ceol + seinneann sí an pianó + caitheann sí am le (dlúth)chairde + foghlaimíonn sí Béarla + déanann sí staidéar ar an Eacnamaíocht

3.ii. Cad iad na pleananna atá aici don todhchaí? Tabhair **dhá** shonra.
Dul ar imirce go tír ina labhraítear Béarla + beidh sí ag plé le cúrsaí spóirt sa todhchaí + ba mhaith léi a bheith ina traenálaí + múinteoir corpoideachais

## Roinn IV

**Beathaisnéis / Биография        24 marc**

1.i. Cathain a rugadh Aleksey Vorobyov? Tabhair sonra **amháin**.
An 19 Eanáir + 1988

1.ii. Cén spórt a d'imir sé mar shóisear?
Peil

1.iii. Cén plean a bhí ag Aleksey ar dtús dá ghairm sa todhchaí?
A bheith ina aisteoir/ ina fhear spóirt gairmiúil

1.iv. Cad a shocraigh Aleksey a dhéanamh ina ionad sin?
Ceol

2.i. Tabhair sonra **amháin** faoi bhreisoideachas Aleksey.
(Tar éis an scoil a fhágáil) chuaigh sé ar choláiste ceoil + sheinn sé an bosca ceoil

2.ii. Cén aois a bhí ag Aleksey nuair a chuaigh sé amach mar cheoltóir/amhránaí aonair?
16

2.iii. Ghlac Aleksey páirt i gcomórtas dar theideal "An Rún faoin Rathúlacht". Cén uair nó cá háit a raibh an comórtas seo ar siúl? Tabhair sonra **amháin**.
2005 + Moscó + tar éis bonn a fháil

3.i. Athraíonn treo gairm bheatha Aleksey beagán in 2006. Tabhair sonra **amháin**.
Chuaigh sé leis an aisteoireacht + ghlac sé páirt sa tsraith/sraithchlár nua (idirghníomhach) "Alice's dreams"/clár + chuaigh a ghairm bheatha mar aisteoir ó neart go neart ina dhiaidh sin + bhain sé dioplóma amach sa bhliain 2008 + in 2008 chuaigh sé ar stiúideo aisteoireachta/Amharclann Ealaíne Acadúil Mhoscó + ba é Kirill Serebrennikov a mhúinteoir/oide aisteoireachta

3.ii. Cathain a bronnadh a chéad ghradam air?
2007

4.i. Chan Aleksey ar son a thíre i gcomórtas amhránaíochta in 2008. Tabhair sonra **amháin**.
Eoraifís + amhrán "New Russian Kalinka" + d'éirigh thar barr leis an amhrán ar fud an domhain
Bronn marc amháin: New Russian + ar fud an domhain

4.ii. Cén fáth ar éirigh Aleksey as a chuid scolaíochta in 2010?
Bhí sé ró-ghnóthach + fuair sé a lán/mórán/cuid mhór tairiscintí ar obair + chuaigh sé leis an aisteoireacht (mura mbronntar marc in 1.iii. nó 3.i)

4.iii. Déanann Aleksey a chuid éachtaí féin ina chuid scannán. Tabhair sonra **amháin**.
D'éirigh leis éacht casta a dhéanamh + léim sé ón gceathrú hurlár + bail/acmhainn choirp mhaith

Leathanach Bán